# Bileog 4.1

## Cúrsaí só — Réamhobair éisteachta

Beidh tú ag éisteacht le fógra ar Raidió na Gaeltachta ar ball. Ar dtús bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí na cleachtaí seo thíos in bhur mbeirteanna:

1. Pléigí na ceisteanna seo le chéile:

- An bhfuil daoine sásta a admháil go dtéann fógraíocht i bhfeidhm orthu, dar libh?
- An cuimhin libh aon uair gur cheannaigh sibh táirge tar éis daoibh an fógra a fheiceáil nó a chloisteáil?
- An féidir le fógraíocht a bheith macánta?
- Cad is minice a bhíonn ar díol – táirge nó coincheap? Tóg mar shampla fógra do ghluaisteán nua, an é an carr atá á dhíol nó an íomhá nua don chustaiméir atá á díol?
- An féidir a rá go bhfuil údar maith leis an mhéid airgid a chaitear ar fhógraí?

2. Pléigí na téarmaí seo a leanas agus scríobhaigí sainmhínithe do chúpla ceann:

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| fógraíocht | fógra | blurba | branda | áibhéil |
| lógó | margaíocht | poiblíocht | póstaer | sos fógraíochta |

3. Déanaigí iarracht creatlach d'fhógra a chur le chéile faoin Clarion Hotel i gCathair Chorcaí, sula n-éisteann sibh leis an mhír.

## Cúrsaí só — Éisteacht

Éist leis an fhógra uair amháin agus freagair na ceisteanna thíos leis na daoine eile i do ghrúpa:



(a) Cad é freagra na ceiste? Doire nó Corcaigh?

(b) Cad a cheapann tú faoi fhógra mar seo? An bhfuil sé éifeachtach?

(c) An gcuireann tú féin isteach ar chomórtais mar seo?

(d) Cad is féidir leat a rá faoi theanga an fhógra?

(e) Scríobh amach an script arís ach i dteanga neamhfhoirmiúil.

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad

Seo deis iontach do bheirt – deireadh seachtaine saoire a bhuachan in óstán 4 réalta an *Clarion Hotel* i gCathair Chorcaí. Tá an t-óstán galánta seo suite ar bhruach na Laoi, dhá nóiméad siúil ó na ceantair mhóra shiamsaíochta agus siopadóireachta i gCathair Chorcaí. Cuirfear bricfeasta blasta ar fáil do na buaiteoirí ar an dá mhaidin san óstán chomh maith. Déan gáire i dtigh tábhairne bríomhar an óstáin, nó bí scafánta san ionad aclaíochta nó lig do scíth i spá na sláinte agus an tsó. Sárchathair, óstán breá, saoire iontach, saor in aisce. Le saoire dhá oíche agus bricfeasta a bhuachan in óstán an *Clarion* i gCathair Chorcaí freagair an cheist seo a leanas:

Cé a bhuaigh cluichí ceannais na hÉireann sa pheil agus san iomáint sa bhliain 1990 – Corcaigh nó Doire?

Seol do fhreagra, chomh maith le d'ainm, chuig 51553. Fógrófar buaiteoir an chomórtais ag deireadh an chláir inniu.

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad

# Bileog 4.2

## Cúrsaí spóirt & aclaíochta Réamhobair

Beidh tú ag léamh ailt ar ball faoi chúrsaí spóirt. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus déanaigí ransú intinne ar an stór focal a bhaineann leis na topaicí seo:

Spórt nua-aimseartha | Spórt traidisiúnta na hÉireann | Spórt dainséarach

© Ollscoil Mhá Nuad

## Cúrsaí spóirt & aclaíochta Léamh

Anois léigh an t-alt ó www.nosmag.com leis an duine in aice leat agus cuirigí an fhoirm cheart de na focail thíos sna bearnaí.

**1. suim** **2. tosaigh** **3. abhainn** **4. an chuid** **5. an fuacht**

**6. coitianta** **7. siúil** **8. meabhair** **9. taistil** **10. tuirsigh**

Tá fás áirithe i ndiaidh teacht ar 1._____________ an phobail san aclaíocht tar éis blianta de scéalta faoin murtall. Ach níl gluaiseacht na ndaoine seo i ndiaidh teacht i gcabhair ar spóirt thraidisiúnta na hÉireann, mar na cluichí Gaelacha, ná sacar ná rugbaí fiú. Mar sin cad iad na spóirt atá á n-imirt acu? Tá na hÉireannaigh anois ag cur foirne na Peile Meiriceánaí, Lacrosse agus Ultimate Frisbee ar bun, agus tá níos mó daoine ná mar a bhí riamh i mbun rothaíochta sléibhe, cadhcála agus tonnmharcaíochta. Ach is é an spórt a bhfuil an spéis is mó ann anois go hidirnáisiúnta ná an trí-atlan, agus cad is rás trí-atlain ann go díreach?

Tá faid éagsúla rásaí ann agus múnlaí difriúla orthu uilig freisin, ach is é an fad Oilimpeach an múnla caighdeánach atá mar bhunús don ghluaiseacht seo. Sa mhúnla Oilimpeach, 2._____________ an rás leis an snámh. Bíonn ort snámh a dhéanamh thar chúrsa ciliméadar go leith. Go hiondúil, is i loch nó san fharraige a bhíonn sé seo, ní dhéantar ach anois agus arís in 3._____________ iad. De ghnáth feictear na snámhóirí 'dáiríre' ag críochnú 4._____________ seo den rás ar dtús i ndiaidh dóibh sonc agus cic nó dhó a thabhairt d'éinne a thagann salach orthu nó nach bhfuil taithí acu snámh i lár slua agus iad ag iarraidh a rithim snámha a choimeád nó a aimsiú. Is í seo an chuid is deacra den rás agus is mar gheall air seo a dhéantar ar dtús é. Moltar duit culaith fhliuch a chlúdóidh do cholainn ar a laghad a chaitheamh, agus in áiteanna áirithe ar domhan is gá iad seo a chaitheamh ar bhonn slándála de bharr 5._____________.

© Ollscoil Mhá Nuad

Agus lucht rásaíochta ag rith as an uisce téann siad chuig an 'achar athruithe', áit a mbaintear na cultacha uisce agus beirtear ar na rothair le tús a chur le 40 ciliméadar de rothaíocht bhóthair. De ghnáth caitheann daoine idir 30 soicind agus cúig nóiméad san 'achar athruithe'. Moltar do gach duine rothar rása a bheith acu don chuid seo den rás, ach ceadaítear aon sórt rothair i bhformhór na rásaí. Is dócha go bhfuil sé éasca traenáil a dhéanamh don phíosa seo den rás, agus is anseo a thosóidh daoine ar theacht aniar a dhéanamh dá bharr. Bíonn meánluas idir 30 agus 40 ciliméadar san uair faoi na lúthchleasaithe go hiondúil. Moltar deochanna ath-híodráitithe a shlogadh agus tú ag rothaíocht chun go mbeidh tú in ann tabhairt faoin rith go héifeachtach níos déanaí.
Agus tú ag druidim le deireadh na staide seo moltar duit do ghéaga a shearradh freisin.
Faoin am seo beidh an rás nach mór críochnaithe agat seachas tréimhse reathaíochta gairid!
Rás reatha 10 ciliméadar atá os do chomhair amach anois, agus níl mórán cleas anseo ach díreach gan dul róthapa ón tús sa chaoi go mbeidh tú in ann luas leanúnach a bheith agat a thógfaidh chun deireadh an rása tú. Deirtear gur fearr duit do chorp a choimeád díreach agus a bheith ag breathnú os do chomhair amach an t-am ar fad, ach murar chleachtaigh tú seo roimhe, is fearr duit fanacht le pé stíl reatha atá agat agus tú i mbun traenála.

Más í seo bunchloch na rásaí trí-atlain, cén sórt múnlaí eile atá air anois? Tá rásaí ann do pháistí óga ina mbíonn ar na hiomaitheoirí snámh 100 méadar, rothaíocht 5 chiliméadar agus rith ciliméadair amháin a dhéanamh, agus dóibh siúd atá níos aosta ach fós craiceáilte tá an *Ironman*. Mar is léir ón ainm is rás eipice é seo ina ndéantar snámh 3.8 chiliméadar, rothaíocht de 180 ciliméadar agus reathaíocht de 42 ciliméadar (maratón iomlán!). Mar dhuais ag deireadh na rásaí *Ironman* tá do rogha boinn nó tatú agat! Rud arís a léiríonn eisceachtúlacht an rása. É seo uilig ráite, is í rogha 6._____________ na laethanta seo ná rásaí eachtraíochta agus ráibe.

Is féidir dul ar fud na cruinne ag glacadh páirte iontu seo, i Haváí, sa Rúis nó fiú san Amasóin. Is é múnla coitianta na ráibeanna ná snámh 750 méadar, 20 ciliméadar de rothaíocht agus rith 5 chiliméadar. Moltar do dhaoine tosú leis na rásaí seo, agus bíonn siad ar 7._____________ i mBré agus Áth Luain mar aon le háiteanna eile in Éirinn gach bliain más rud é go bhfuil suim agat triall a bhaint astu.

Ó thaobh na rásaí eachtraíochta de, tá an *Gael Force 6* ar cheann de na rásaí is fearr in Éirinn. Is i gCathair na Mart a bhíonn sé seo gach bliain agus bíonn ort rith, dreapadh sléibhe, cadhcáil, rothaíocht sléibhe agus bóthair, boghdóireacht agus a thuilleadh rothaíochta a dhéanamh. Agus dóibh siúd atá go hiomlán as a 8._____________ tá an GF12 atá i bhfad níos faide! Tá gach sonra faoi na rásaí seo ar fáil ó www.gaelforcewest.ie**.**

© Ollscoil Mhá Nuad

Más rud é go bhfuil tú ag iarraidh dul ag 9.______________ agus tú ag tabhairt faoi na rásaí seo tá rás maith ag a mbíonn slua ollmhór i gcónaí ann darb ainm *ToughGuy* agus tá an t-eolas faoi seo ag www.toughguy.co.uk**.** Ní rás fada é ach tá sé go hiomlán cumtha le tú a 10.______________, a fhuarú agus rudaí a dhéanamh deacair ort sa chaoi gur rás inchinne é seachas rás colainne. Níl aon rothaíocht sa rás agus cé go bhfuil uisce ann ní dhéantar snámh ann ach oiread. Is é an t-aon chúis leis an uisce ann ná "go mbraithfidh tú go bhfuil do cheann i ndiaidh laghdú go méid gallchnó" mar a deirtear ar an suíomh oifigiúil!

## Cúrsaí spóirt & aclaíochta — Díospóireacht

Beidh tú féin agus na daoine eile i do ghrúpa ag glacadh páirte i ndíospóireacht ar ball – inseoidh an múinteoir duit cé acu in éadan nó i bhfabhar an rúin a bheas sibh. Caith tamall anois le do chomhpháirtithe ag cur pointí le chéile agus ag bailiú stór focal a chuideoidh libh bhur dtaobh den díospóireacht a dhéanamh.

**An Rún: Léiríonn an spórt a imríonn duine a stádas sóisialta**

© Ollscoil Mhá Nuad

# Bileog 4.3

## Léirmheasanna — Réamhobair éisteachta

Féach ar na topaicí seo thíos leis na daoine eile i do ghrúpa agus déanaigí na cleachtaí atá bunaithe orthu.

| | | |
|---|---|---|
| **Oíche Shamhna** | **Sraith theilifíse** | **Cóisir mhór** |
| **An Dánlann Náisiúnta** | **An Pheil Ghaelach** | **Fuirseoirí** |
| **An tOireachtas** | **Leabhar nua** | **Scannán nua** |

1. Déanaigí plé ginearálta ar na topaicí ar fad.
2. Roghnaígí topaic amháin go bhfuil sibh an-tógtha léi agus abraigí cén fáth.
3. Roghnaígí topaic amháin go bhfuil sibh ar nós cuma liom fúithi agus abraigí cén fáth.
4. Roghnaígí topaic amháin nach dtaitníonn libh ar chor ar bith agus abraigí cén fáth.
5. An féidir libh liosta a dhéanamh de na féilte agus de na hócáidí móra in Éirinn?
6. Cad í an fhéile is mó a thaitníonn libh? Cén fáth?

## Léirmheasanna — Éisteacht



Beidh tú ag éisteacht anois le léirmheas ar an scannán *Star Trek*. Déan na cleachtaí seo thíos leis an duine in aice leat.

**Sula n-éisteann sibh leis an mhír:**

- An bhfuil aon eolas agat faoin scannán seo nó faoin tsraith theilifíse *Star Trek*?
- An éisteann sibh le léirmheasanna nó an léann sibh léirmheasanna go minic?
- Dá léireodh criticeoir drochmheas ar scannán a raibh rún agat dul chuige an rachfá chuige ar aon nós?

**Tar éis daoibh éisteacht leis an mhír uair amháin:**

- An gceapann sibh gur bhain Tomás Seoighe sult as an scannán? Cén fáth?
- An é *Star Trek* an scannán is fearr a chonaic sé riamh, dar libh? Cén fáth?
- Cén Ghaeilge atá agaibh féin ar 'prequel'? An gceapann sibh gur cleas maith é seo sa litríocht nó sa scannánaíocht?
- Cad is brí le 'Cé leis thú?'

**Le linn daoibh a bheith ag éisteacht don dara huair:**

- Aimsígí na focail sa mhír a bhfuil a malairt bhrí acu leis na focail seo:

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad

| | |
|---|---|
| an-dona: ________________ | ar na mallaibh: ________________ |
| an tseanaois: ________________ | níos leadránaí: ________________ |
| níos leimhe: ________________ | mínádúrtha: ________________ |
| gan chlú: ________________ | tamall fada ó shin: ______________ |

## Léirmheasanna Scríobh

Tá dhá léirmheas le scríobh agat don chéad rang eile faoi na topaicí thíos. Iarr cuidiú ón duine in aice leat chun réamhullmhúchán a dhéanamh anois.

- **an leabhar nó scannán is fearr a léigh tú nó a chonaic tú le tamall anuas.**
- **an leabhar nó scannán is measa a léigh tú nó a chonaic tú le tamall anuas.**

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 4.4a

### Caitheamh aimsire Réamhobair

Beidh tú ag leamh ailt faoin duine sa phictiúr ar ball. Féachaigí beirt ar an phictiúr thíos agus freagraígí na ceisteanna faoi ar dtús. **Ná féachaigí ar an alt** go fóill - freagair na ceisteanna bunaithe ar an phictiúr amháin!



1. Cé as don duine seo, dar libh, agus cén fáth a ndeir sibh amhlaidh?
2. Déanaigí cur síos fisiciúil ar an duine seo.
3. Cén aois atá sé, dar libh, agus an gceapann sibh go bhfuil clann aige?
4. Cén caitheamh aimsire atá ag an duine seo, dar libh? Cén fáth?

© Ollscoil Mhá Nuad

### Caitheamh aimsire Léamh

Léigí beirt an sliocht seo a leanas ó alt as www.beo.ie anois le chéile agus aimsígí na focail/frásaí san alt a bhfuil an bhrí chéanna acu leis na habairtí thíos. Tá an chéad cheann déanta daoibh:

1. Tá suim mhór aige i rud eile – **Tá cloch eile ar a phaidrín**.
2. Bríomhar agus lán d'fhuinneamh - ________________________
3. An fharraige mhór idir Éire agus Meiriceá - ________________________
4. Húicéir beag nó bean bheag dhathúil - ________________________
5. Daoine a chaitheann a lán ama nó a shaothraíonn a dteacht isteach ar an fharraige - ____________________
6. A bheith taobh thiar de rud, gafa le rud, ag obair ar rud - ____________________
7. Rud a ghineann tonnta agus a chuireann ar aghaidh iad chun comhartha a chruthú agus a sheoladh ó aeróg - ____________________
8. Grúpa daoine atá i mbun feachtais chun an rialtas nó feidhmeannaigh phoiblí a ghríosú chun cearta a bhaint amach maidir le cúiseanna áirithe - ______________

© Ollscoil Mhá Nuad

*Is duine é Donncha Ó hÉallaithe a bhfuil blianta caite aige i mbun feachtais chun an Ghaeilge a chosaint mar theanga phobail sa Ghaeltacht. Bhí baint mhór aige le bunú Theilifis na Gaeilge agus tá sé ar a dhícheall faoi láthair ag iarraidh a chinntiú nach féidir le daoine gan Ghaeilge cead pleanála a fháil sna ceantair Ghaeltachta. Labhair* ***Rónán Mac Con Iomaire*** *leis faoin saol atá caite aige agus faoi chuid de na ceisteanna atá ag dó na geirbe aige.*

Nuair a chloiseann tú an t-ainm Donncha Ó hÉallaithe smaoiníonn tú ar an nGaeilge. Teorainneacha na Gaeltachta, An tAcht Teanga, Struchtúr bhord Údarás na Gaeltachta ... Agus anois, tá cloch eile ar a phaidrín. Cloisfidh tú Donncha ar Raidió na Gaeltachta, ar "Nuacht TG4", ar an "Pat Kenny Show", ag caint faoi chúrsaí pleanála sa nGaeltacht. Lucht forbartha ag caitheamh spallaí leis, lucht Galltachta ag úsáid an fhocail *fascism*. Ní bhíonn aon fhadhb ag Donncha dá chosaint féin, áfach. Tá an cheist fíorshimplí go deo, dar leis.

"Má scaoiltear le forbairt tithíochta i gceantair ar nós an Spidéil, gan cúrsaí teanga a bheith á gcur san áireamh, ní fada go bplúchfar an Ghaeilge in áiteanna mar é," a deir sé. "Gan pleanáil ceangailte le teanga, is gearr go mbeidh an Spidéal mar a chéile le háiteanna ar nós Bhaile Chláir na Gaillimhe agus Mhaigh Cuilinn, sa nGaeltacht go hoifigiúil, ach gan aon Ghaeilge dá húsáid ann go laethúil."
Tá sé tógtha le cúrsaí pleanála faoi láthair, ach beidh ceist éigin eile ann amach seo, nuair a bheidh an cath seo troidte aige. Fear fuinniúil é a reáchtálann formhór a chuid feachtas as féin - ní maith leis adhastar na n-eagraíochtaí náisiúnta. Duine de na daoine is gníomhaí é sa nGaeltacht, ó thaobh na Gaeilge de, le scór bliain anuas.

"Féachann go leor i gConamara orm mar dhuine atá gafa le Gaeilge, nach bhfuil spéis aige in aon rud eile. Níl sé sin fíor."

Níl, go deimhin. Tá spéis mhór aige i gcúrsaí iomána ("an t-aon spórt a thuigim agus an t-aon spórt a leanaim!"), mar a bheifeá ag súil i gcás duine as Tiobraid Árann. Is breá leis a bheith i mbun damhsa, agus tá an-spéis aige sa gceol. Tá sé soiléir, áfach, gurb í an fharraige is mó a mhúsclaíonn a chuid suime, go bhfuil croí an fhir lártíre tógtha ag an Aigéan corraitheach Atlantach.

"Is breá liom a bheith ag iascaireacht, ag siúl cois cladaigh, ag seoltóireacht," a deir sé, agus tá pictiúir de húicéirí gleoite na Gaillimhe ag maisiú bhallaí a thí. Tá gleoiteog aige féin agus ag Ruairí Ó Tuairisg in éindí, í déanta suas as an nua don séasúr seo atá amach romhainn.

"Tá súil i mbliana agam go mbeidh muid ag déanamh turas farraige ó Chonamara go Baile Átha Cliath," a deir sé.

Tá go leor seoltóireachta déanta freisin aige le Paddy Barry, duine de na mairnéalaigh is mó cáil sa tír seo. Ó thuaidh chun na hEastóine, na Sualainne, na Danmhairge, ó dheas chun na Briotáine agus soir ar an Meán-Mhuir. Ach is cuma cén caitheamh aimsire atá

© Ollscoil Mhá Nuad

aige, ní féidir duine a scaradh i gcónaí óna ghairm. Go deimhin, cé a cheapfadh go mb'fhéidir gurb í an tseoltóireacht chéanna a d'fhág go bhfuil TG4 linn inniu?

"Chuaigh mé ar thuras báid seoil le Paddy Barry go hOileáin Fharó i 1987, agus bhí beirt eile as Conamara ar an mbád, Pádraig de Bhaldraithe agus Ruairí Ó Tuairisg. Bhí an-spéis ag an triúr againn sna hOileáin Fharó mar go raibh teanga dá gcuid féin acu nach raibh á labhairt in aon áit eile ar domhan, agus bhí sí á labhairt ag chuile aoisghrúpa ar na hoileáin, agus iad muiníneach aisti.
"Bhí sé cloiste againn go raibh stáisiún teilifíse curtha ar bun acu agus bhí spéis againn bualadh leis an dream a bhí ina bhun, rud a rinne muid."
Déanadh cur síos do na mairnéalaigh Éireannacha ar chúrsaí teilifíse na nOileán Faró, agus seans gur mar sin a d'fhágfaí rudaí murach gur casadh duine éigin orthu nuair a d'fhill siad ar Éirinn.

"An lá a d'fhill muid, bhí an triúr againn ar an traein anuas ó Bhaile Átha Cliath go Gaillimh, agus casadh Bob Quinn orainn. Dúirt muid leis faoin stáisiún teilifíse ar na hOileáin Fharó, agus chuir sé ceist shimplí: 'An bhféadfaí an rud céanna a dhéanamh i gConamara?' Dúirt mise go bhféadfaí.

"'Ceart go leor, a deir Bob Quinn, déanfaidh muid é.' Fuair Bob duine teicniúil a dúirt go mbeadh sé in ann tarchuradóir a thógáil ar £4,000."

Fágadh faoi Dhonncha an £4,000 a bhailiú, ach é a bheith cruinnithe aige taobh istigh de choicís. Bhailigh sé £5,000.

"Chuir duine amháin seic £1,000 chugainn. Bhí go leor daoine eile ag cur seiceanna de £100 chugainn. B'in go leor airgid i 1987."

Chuaigh Teilifís na Gaeltachta ar an aer ag Oireachtas na nGael i Ros Muc i 1987. Cuireadh bileoga abhaile le daltaí scoile ar fud dheisceart Chonamara ionas go mbeadh a fhios ag a dtuismitheoirí conas teacht ar an gcomhartha teilifíse, a bhí ag teacht ó bharr Chnoc Mordáin.

"An rud ba thábhachtaí faoin gcraoladh sin ná gur athraigh sé an díospóireacht ar fad, mar ní fhéadfaí an argóint a úsáid a thuilleadh nach bhféadfaí a leithéid a dhéanamh mar go raibh sé róchasta, róchostasach."

D'eascair feachtas láidir as craoladh Ros Muc chun stáisiún teilifíse a chraolfadh as Gaeilge a bhunú. Bunaíodh an grúpa stocaireachta an Feachtas Náisiúnta Teilifíse.

"An bheirt is mó a bhí ag plé liomsa ó thaobh na stocaireachta de ná Ciarán Ó Finneadha agus Liam Ó Cuinneagáin. D'éirigh linn chuile páirtí polaitíochta sa Dáil a mhealladh sa gcaoi agus go raibh sé mar pholasaí acu go mbunófaí stáisiún teilifíse trí Ghaeilge don tír ar fad ach é a bheith lonnaithe sa Ghaeltacht."

© Ollscoil Mhá Nuad

## Caitheamh aimsire **Plé**

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Luadh na nithe seo a leanas san alt. Cad atá ar eolas agat fúthu?

   **An tAcht Teanga** **Údarás na Gaeltachta** **Raidió na Gaeltachta**
2. "Ach is cuma cén caitheamh aimsire atá aige, ní féidir duine a scaradh i gcónaí óna ghairm." – Pléigh.
3. Cé acu alt is fearr leat a léigh sibh sa rang seo?
4. An mbíonn aidhmeanna éagsúla léitheoireachta agat ag brath ar an ábhar léitheoireachta?

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad

## Bileog 4.4b
### Inscne an fhocail Teanga

**A.** Bí ag obair leis an duine in aice leat – féachaigí ar na focail seo ón alt atá sa tuiseal ainmneach agus scríobhaigí **f** in aice leo má tá siad firinscneach agus **b** má tá siad baininscneach. Ansin scríobhaigí na hathruithe a thagann ar thús focail sa tuiseal ainmneach. Tá sampla déanta daoibh sa bhosca.

| | | | |
|---|---|---|---|
| an t-ainm | an cheist | an cath | an Ghaeilge |
| an fharraige | an rud | an argóint | an grúpa |
| an tseoltóireacht | an díospóireacht* | | |

* Cén fáth nach bhfuil séimhiú ar an 'd' anseo?

| **Focail -** | **Focail fhirinscneacha** | **Focail bhaininscneacha** |
|---|---|---|
| a thosaíonn le consan | An bád (gan séimhiú) | An fhuinneog (le séimhiú) |
| a thosaíonn le guta | | |
| a thosaíonn le ***s*** | | |

© Ollscoil Mhá Nuad

**B.** Is minic áfach, nach mbíonn an t-alt leis na focail agus go caithfidh tú cinneadh a dhéanamh faoi inscne an fhocail. Tá leideanna ann chun inscne an fhocail a aimsiú – cad iad? Bainigí úsáid as na focail seo ón sliocht a léigh sibh ní ba luaithe agus cuirigí sna colúin chuí iad. Tá an chéad cheann déanta daoibh.

| | | | |
|---|---|---|---|
| lucht | forbairt | cúrsa | pleanáil |
| teanga | fear | feachtas | spéis |
| spórt | ceol | farraige | iascaireacht |
| gleoiteog | mairnéalach | Eastóin | aoisghrúpa |
| stáisiún | dream | tarchuradóir | coicís |
| duine | Gaeltacht | craoladh | polaitíocht |

| **Focail fhirinscneacha** | **Focail bhaininscneacha** |
|---|---|
| *Lucht – focal aonsiollach a chríochnaíonn ar chonsan leathan* | *Forbairt – focal déshiollach a chríochnaíonn le consan caol* |

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad

# Bileog 4.5

## Caitheamh aimsire

**Plé ginearálta**

Pléigh na ceisteanna seo leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a dhéanann tú féin i d'am saor? An bhfuil go leor ama saor agat i do shaol, dar leat?
2. An duine aclaí tú? An imríonn tú aon spórt? An bhfuil tú go maith ag aon spórt faoi leith?
3. Ar cheart do gach éinne ar a laghad spórt amháin a imirt?
4. Cad a cheapann tú faoin tseoltóireacht mar chaitheamh aimsire? An bhfuil sé dainséarach? Róchostasach?
5. Dá mbeifeá i do chónaí thar lear, an mbeadh caitheamh aimsire difriúil agat?
6. An gcuidíonn spórt le daoine sa láthair oibre - a bheith in ann oibriú níos fearr mar chuid d'fhoireann, mar shampla?
7. An bhfuil baint rómhór ag tuismitheoirí le rannpháirtíocht a gcuid leanaí sa spórt sa lá atá inniu ann, dar leat?
8. Cad é an spórt is tábhachtaí ar domhan, dar leat?
9. Cad é an spórt is costasaí? Cad é an spórt is dainséaraí?
10. Cad é an spórt a bhfuil an rath is mó air sa tír?
11. Ar cheart cead a thabhairt do dhaoine geall a chur ar spórt?
12. Cén tábhacht a bhaineann leis na cluichí Oilimpeacha, dar leat?

© Ollscoil Mhá Nuad

© Ollscoil Mhá Nuad